OIFIG AICMITHE SCANNÁN NA hÉIREANN
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

RÁITEAS STRAITÉISE IFCO 2023-2025

Athbhreithniú 2025

Rialachán maidir le hábhar closamhairc a thugann cumhacht do shaoránaigh agus a chuireann an t-iolracht chun cinn

Chun an fhís seo a sheachadadh déanfaidh IFCO:

treoir iontaofa a sholáthar a léiríonn agus a mhúnlaíonn ionchais agus cinntí na bpáirtithe leasmhara

tacú le hinfhaighteacht réimse éagsúil ábhar closamhairc

tuiscint an phobail ar ábhar closamhairc agus rannpháirtíocht leis an ábhar sin a fheabhsú

Is iad seo a leanas na croíluachanna atá mar bhonn agus thaca ag gníomhaíochtaí uile an IFCO agus atá mar bhunús dá chultúr eagraíochtúil:

Cuntasacht
as ár gcinntí, ár bpróisis, ár rialachas agus ár n-úsáid acmhainní

Freagrach
as tuairimí agus riachtanais ár bpáirtithe leasmhara go léir atá ag teacht chun cinn

Foghlaim
mar eagraíocht agus inár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara

Neamhspleách
inár bplé agus inár gcinntí

G PG 12A 15A 16 18

Téama Straitéiseach 1 Seirbhís ar Ardchaighdeáin

Cuspóir Straitéiseach	Gníomh	PTF	Sprioc	Tuarascáil 2025
Aicmithe agus comhairle iontaofa agus tráthúil a sholáthar.	Ábhar a fheiceáil agus a dheimhniú de réir na reachtaíochta agus na dTreoirlínte Aicmithe foilsithe.	An líon deimhnithe a eisíodh le haghaidh éisiúint pictiúrlainne agus Siamsaíocht Baile.	Méadú 20% ar líon na ndeimhnithe pictiúrlainne a eisítear ó leibhéil 2022. Aicmithe Siamsaíochta Baile a Choinneáil ag leibhéil 2022.	Tháinig ardú os cionn 25% ar Dheimhnithe Pictiúrlainne in 2025 ar leibhéil 2022. Tháinig laghdú os cionn 60% ar aicmithe Siamsaíochta Baile in 2025 ar leibhéil 2022 mar gheall ar laghdú ar aighneachtaí le haghaidh eisiúint fisiciúil.
	Ardleibhéal muiníne a choinneáil ag páirtithe leasmhara in aicmithe agus i gcomhairle.	Líon na n-achomharc rathúil agus líon na ngearán lucht féachana a mbíonn comhairle nuashonraithe mar thoradh orthu.	Tá achomhairc rathúla níos lú ná 1% de na haicmithe go léir agus tá líon na ngearán lucht féachana a mbíonn comhairle nuashonraithe mar thoradh orthu níos lú ná 1%.	Spriocanna achomhairc agus gearán bainte amach. Muinín na bpáirtithe leasmhara os cionn 90% arna tomhas trí shuirbhé neamhspleách páirtithe leasmhara R4 2025.
	A chinntiú go léiríonn Treoirlínte Aicmithe na caighdeáin phobail reatha.	Foilsítear Treoirlínte Athbhreithnithe Aicmithe ag tagairt do thorthaí thaighde 2021 agus d'aiseolas ó pháirtithe leasmhara.	Leagan deiridh de Threoirlínte Aicmithe nua a foilsíodh in R1 2024.	Curtha i gcrích i mí an Mheithimh 2025.
Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí gnó a thacaíonn le hearnáil bhríomhar agus le héagsúlacht ábhair.	A chinntiú go bhfuil próisis agus frámaí ama reatha le haghaidh cinntí aicmithe soiléir do dháileoirí.	Sástacht an dáileora le próiseas agus frámaí ama chun ábhar a chur isteach agus a athbhreithniú.	Soláthraítear níos mó ná 95% de na cinntí aicmithe laistigh de frámaí ama comhaontaithe.	Sprioc 95% bainte amach. Muinín an dáileora os cionn 90% arna thomhas trí shuirbhé neamhspleách páirtithe leasmhara R4 2025.
	Feabhsuithe próisis a chur i bhfeidhm i gcomhairle le páirtithe leasmhara. Déan iniúchadh ar roghanna do chóras TF a thiocfaidh in áit Lotus Notes chun an próiseas aicmithe a bhainistiú.	Conclúid ar athbhreithniú próisis agus athruithe a chur i bhfeidhm. Roghanna a aontú don chóras nua TF.	Athbhreithniú próisis le cur i gcrích faoi R1 2024. Feabhsúcháin phróisis curtha i bhfeidhm faoi dheireadh 2024. Roghanna do chóras nua ar líne faoi dheireadh 2025.	Athbhreithniú críochnaithe. Réitigh TF athbhreithnithe á bplé leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (DCCS) le táirgí insoláthartha faoi Ráiteas Straitéise 2026-2028.
	Cinntigh go bhfuil struchtúr na dtáillí aicmiúcháin oiriúnach don fheidhm.	Cuirtear athbhreithniú ar struchtúr na dtáillí bunaithe ar chomhairliúchán earnála faoi bhráid na Roinne lena bhreithniú mar aon le cás soiléir d'aon athruithe beartaithe ar an Ionstraim Reachtúil.	Tuarascáil athbhreithnithe táillí a chur i láthair na Roinne faoi R1 2024. Fráma ama a chomhaontú chun aon athruithe reachtaíochta comhaontaithe a chur i bhfeidhm faoi dheireadh 2024.	Athbhreithniú a áirítear i dTuarascáil maidir le hAthbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil (PCR) 2025. Na chéad chéimeanna eile atá le breithniú le DCCS faoi Ráiteas Straitéise nua 2026-2028.
	Leanúint ar aghaidh ag próiseáil iarratais ar cheadúnas miondíola físe. Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr agus ar chur chuige reatha maidir le ceadúnais miondíola físe.	Líon na n-iarratas ar cheadúnas miondíola físe a phróiseáiltear go bliantúil. Athbhreithniú ar an gcur chuige reatha i leith ceadúnaithe arna chur i gcrích faoi R2 2024.	Líon na gceadúnas a choinneáil ag 50% de leibhéal 2022. Tuarascáil agus moltaí maidir le ceadúnú a chur i láthair na Roinne faoi R2 2024. Fráma ama a chomhaontú chun aon athruithe reachtaíochta comhaontaithe a chur i bhfeidhm faoi dheireadh 2024.	Ceadúnais físe in 2025 os cionn 50% de leibhéil 2022. Athbhreithniú a áirítear i dTuarascáil PCR 2025. Na chéad chéimeanna eile atá le breithniú le DCCS faoi Ráiteas Straitéise nua 2026-2028.

Téama Straitéiseach 2 Éifeachtúlacht Acmhainní agus Sármhaitheas i Rialachas

Cuspóir Straitéiseach	Gníomh	PTF	Sprioc	Tuarascáil 2025
Maoirseacht agus bainistíocht láidir airgeadais agus rialachais a choinneáil.	Nósanna imeachta láidre bainistíochta airgeadais agus tuairiscithe a chur i bhfeidhm i gcomhar le feidhmeanna comhroinnte Roinne ábhartha.	Ioncam agus caiteachas bliantúil ag tagairt do spriocanna comhaontaithe. Torthaí iniúchtaí inmheánacha agus athbhreithnithe airgeadais eile. Athbhreithniú sceidealta ar rialuithe airgeadais.	Ioncam a choinneáil ag spriocanna a chomhaontaítear go bliantúil nó os a chionn. Caiteachas a choinneáil ag an leithdháileadh bliantúil comhaontaithe nó faoina bhun. Aon mholtaí ó thuarascálacha iniúchtaí inmheánacha agus Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe Airgeadais a chur i bhfeidhm laistigh de frámaí ama comhaontaithe.	Measúnú bunaithe ar spriocanna i gComhaontuithe Seachadta Feidhmíochta bliantúla. Spriocanna a baineadh amach in 2023,2024 agus 2025. Gach moladh iniúchta inmheánaigh curtha i bhfeidhm faoi dheireadh 2025.
	Rannpháirtíocht a dhéanamh leis an Roinn lena chinntiú go ndéantar an Comhaontú Soláthair Feidhmíochta Bliantúil (PDA) a chomhaontú agus a athbhreithniú go tráthúil.	Déantar PDA a fhorbairt agus a chomhaontú laistigh de frámaí ama sonraithe.	PDA athbhreithnithe agus comhaontaithe i R1 go bliantúil.	Bainte amach do gach bliain, 2023, 2024 agus 2025.
	Teagmháil a dhéanamh leis an Roinn chun Athbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil (PCR) ar IFCO a chur i gcrích.	Cuirtear faisnéis agus anailís chun tacú le PCR ar fáil don Roinn go tráthúil.	Teagmháil a dhéanamh leis an Roinn maidir le hAthbhreithniú Criticiúil Tréimhsiúil (PCR) ar IFCO a chur i gcrích, ag tosú in 2023.	Tuarascáil PCR a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2025.
Ardchaighdeáin i gcleachtais rialachais agus freagrachta eagraíochta a mhúnlú.	Ráiteas Straitéise nua a fhoilsiú agus a athbhreithniú gach 3 bliana agus tuairisc a thabhairt ar sheachadadh go bliantúil sa Tuarascáil Bhliantúil.	Forbraítear Ráiteas Straitéise i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus foilsítear é ar shuíomh gréasáin IFCO. Cuimsíonn an Tuarascáil Bhliantúil athbhreithniú ar sheachadadh i gcoinne Ráiteas Straitéise.	Ráiteas Straitéise Nua i bhfeidhm faoi R3 2023. Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil i R2 gach bliain.	Curtha i gcrích in 2023. Bainte amach do gach bliain, 2023, 2024 agus 2025.
	A chinntiú go gcomhlíontar an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.	Tuarascálacha ar chomhlíonadh an Chóid.	Comhlíonadh iomlán an Chóid.	Comhlíonadh a shonraítear sa Tuarascáil Bhliantúil gach bliain. Luadh comhlíontacht iomlán i dTuarascáil PCR.
	Rúnaíocht agus tacaíochtaí/ionchuir ábhartha eile a sholáthar don Bhord Achomhairc um Aicmiú Scannán, don Bhord um Chinsireacht Foilseachán agus don Bhord Achomhairc um Chinsireacht Foilseachán.	Feidhmíonn gach bord go héifeachtach. Soláthar aon ionchuir is gá chun tacú le forbairt agus cur chun feidhme tograí maidir le todhchaí na mBord Foilseachán atá á dtabhairt chuig an Rialtas ag an Roinn Dlí agus Cirt in 2023 (Gníomh 62 den Phlean Ceartais 2023).	Tacaíocht rúnaíochta curtha ar fáil de réir mar is gá laistigh de frámaí ama comhaontaithe. Tacaíocht a sholáthar do na Boird agus don Roinn Dlí agus Cirt.	Críochnaithe.
	Timpeallacht nuálach oibre a chur chun cinn a thacaíonn agus a fhorbraíonn an fhoireann.	Sásamh foirne.	Tá sásamh foirne leis an timpeallacht oibre agus leis an tacaíocht fós os cionn 80%.	Sásamh foirne os cionn 80% arna tomhas arna tomhas trí thaighde neamhspleách in R4 2025.
Dul i mbun oibre le tionscnaimh beartais phoiblí ábhartha eile agus tacú leo, m.sh. Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí	Tionscnaimh agus spriocanna maidir le Gníomhú ar son na hAeráide atá le cur san áireamh in PDA.	Cuirtear tionscnaimh san áireamh agus tuairiscítear orthu i dTuarascálacha PDA agus Bliantúla.	Seachadadh ar thionscnaimh i PDA.	Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide arna fhorbairt agus arna chur chun feidhme. An dul chun cinn a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2023, 2024 agus 2025.

Téama Straitéiseach 3 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht

Cuspóir Straitéiseach	Gníomh	KPI	Sprioc	Tuarascáil 2025
Ról agus rannchuidiú na hOifige a chur chun cinn.	Feabhas a chur ar struchtúr agus ábhar shuíomh gréasáin IFCO chun inrochtaineacht agus rannpháirtíocht lucht féachana a mhéadú.	Athbhreithniú ar ábhar agus struchtúr shuíomh gréasáin IFCO a chomhlánú. Plean a chur i bhfeidhm chun an suíomh gréasáin a fheabhsú.	Athbhreithniú le cur i gcrích faoi R1 2024. Plean forbartha faoi chostas faoi dheireadh 2024. Pleanáil curtha i bhfeidhm faoi dheireadh 2025.	Moill mar gheall ar acmhainní foirne. Forbraíodh plean Instagram agus cuirfear i bhfeidhm é i 2026.
	Clár gníomhaíochtaí a fhorbairt chun comóradh céad bliain na hoifige a cheiliúradh.	Clár gníomhaíochtaí forbartha, curtha i bhfeidhm agus athbhreithnithe.	Clár forbartha faoi dheireadh R2 2023. Clár curtha i bhfeidhm faoi dheireadh R4 2023.	Lógó, imeachtaí agus clár faisnéise suntasach nua curtha i gcrích. Mionsonraí i dTuarascálacha Bliantúla 2023, 2024 agus 2025
	Clár rannpháirtíochta le lucht féachana óg a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.	Clár gníomhaíochtaí forbartha, curtha i bhfeidhm agus athbhreithnithe.	Clár forbartha faoi dheireadh 2023. Clár curtha i bhfeidhm in 2024 agus 2025.	Breis agus 25 cheardlann aicmithe le lucht féachana níos óige 2023-2025. Comórtas pictiúrlainne in 2023. Treoirlínte maidir le hAicmiú Gnáth-Bhéarla a foilsíodh in 2025. Comhpháirtíocht taighde le hOifig an Ombudsman do Leanaí.
	Clár rannpháirtíochta le mórfhéilte scannán chun tacú le seachadadh na straitéise seo.	Clár gníomhaíochtaí forbartha, curtha i bhfeidhm agus athbhreithnithe.	Clár forbartha faoi dheireadh 2023. Clár curtha i bhfeidhm in 2024 agus 2025.	Rannpháirtíocht le Féile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath, Féile Scannán Idirnáisiúnta Chorcaí, Fleadh Scannán na Gaillimhe, Féile Scannán Úr Luimnigh, Féile Scannán Gaze, Féile Scannán Chiarraí, Féile Scannán Liatroma agus Féile Scannán na Fraince. Mionsonraí i dTuarascálacha Bliantúla 2023, 2024 agus 2025.
	Sean-thaifid aicmithe scannáin le caomhnú agus le haistriú chuig an gCartlann Náisiúnta.	Taifid le meastóireacht agus plean chun taifid a aistriú le forbairt agus le cur i bhfeidhm.	Plean forbartha faoi dheireadh 2023 agus curtha i bhfeidhm faoi dheireadh 2025.	Críochnaithe den chuid is mó faoi dheireadh 2025. Cuireadh moill ar an gcomhlánú mar gheall ar na hacmhainní foirne atá ar fáil.
Cur le díospóireachtaí beartais agus tionscnaimh phraiticiúla a thacaíonn le seachadadh na straitéise seo.	Clár gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm le fócas ar leith ar chomhoibrithe le comhpháirtithe ábhartha.	Tacaíonn taighde agus gníomhaíochtaí eile le seachadadh na straitéise agus tacaíonn siad le cuspóirí beartais náisiúnta níos leithne lena n-áirítear freagairt d'athrú aeráide agus comhionannas agus cuimsiú éagsúlachta a mhéadú.	Cuirfear 5 ghníomhaíocht den sórt sin i bhfeidhm faoi dheireadh 2025.	Teagmháil le Coimisiún na Meán, Oifig an Ombudsman do Leanaí, Fís Éireann, an Chomhairle Ealaíon agus comhlachtaí Aicmithe Idirnáisiúnta lena n-áirítear Bord na Breataine um Aicmiú Scannán agus Faisnéis faoi Chluichí Uile-Eorpacha. Níos mó rannpháirtíochta preasa a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2023, 2024 agus 2025.
	Cur le díospóireachtaí beartais i bhfóraim éagsúla.	Féachtar ar IFCO mar ghuth údarásach i bplé ábhartha.	Measann tromlach na bpáirtithe leasmhara IFCO mar ghuth údarásach bunaithe ar thaighde.	Tuarascálacha taighde lucht féachana a foilsíodh in 2023 agus 2025. Léiríonn taighde neamhspleách páirtithe leasmhara in R4 2025 gur gá tuilleadh oibre a dhéanamh sa réimse seo. Áirítear é seo i Ráiteas Straitéise 2026-2028.

G PG 12 15 18